



Treoir maidir leis na Scrúduithe Stáit agus Gráid Chreidiúnaithe don Ardteistiméireacht in 2021

1. Réamhrá

Bhí sé mar phríomhchuspóir ag an Rialtas scrúduithe na hArdteistiméireachta in 2021 a reáchtáil chomh cosúil agus ab fhéidir leis na gnáthshocruithe i leith na scrúduithe sin. Mar sin féin, de bharr phaindéim COVID-19, agus an dianghlasáil náisiúnta le déanaí, chaill scoláirí roinnt mhaith teagaisc agus foghlama aghaidh ar aghaidh sna chéad mhíonna de 2021 agus ag deireadh scoilbhliain 2019/2020. Cé go bhfuil deiseanna iomadúla i gcomhair foghlama curtha ar fáil ag múinteoirí agus ag lucht bainistíochta scoileanna do scoláirí iar-bhunscoile le linn na tréimhse ina raibh an scoileanna dúnta, tá roinnt mhaith fianaise ann a thugann le tuiscint go bhfuil an fhoghlaim ó chian éifeachtach agus rathúil i gcás fhormhór na scoláirí ach nach bhfuil sí chomh héifeachtach céanna i gcás scoláirí eile. Mar thoradh air sin, bhí an rochtain a bhí ag scoláirí na hArdteistiméireachta ar dheiseanna teagaisc agus foghlama míchothrom agus iad ag ullmhú dá gcuid scrúduithe.

D'oibrigh an tAire Oideachais go dlúth le hionadaithe scoláirí, tuismitheoirí, múinteoirí, údaráis bainistíochta scoileanna, Coimisiún na Scrúduithe Stáit agus baill eile den Ghrúpa Comhairleach um Pleanáil do na Scrúduithe Stáit in 2021 chun iniúchadh a dhéanamh ar na ceisteanna a mbeidh ar scoláirí dul i ngleic leo de bharr na gcúinsí sin.

Bunaithe ar an gcomhairle sláinte poiblí atá ar fáil don Aire faoi láthair, féadfar dul ar aghaidh leis an Ardteistiméireacht agus leis an Ardteistiméireacht Fheidhmeach scríofa i mí an Mheithimh mar a bhí beartaithe, agus d'iarr an tAire ar Choimisiún na Scrúduithe Stáit na scrúduithe a chur ar fáil ar bhealach a bheidh chomh cosúil agus ab fhéidir leis an ngnáthbhealach. Déanfar na comhpháirteanna breise (obair chúrsa, scrúduithe praiticiúla agus béaltrialacha) a chríochnú agus a mheasúnú freisin nuair is féidir sin a dhéanamh i gcomhréir leis na srianta a bhaineann le COVID-19.

Mar sin féin, tar éis dul i gcomhairle leis an nGrúpa Comhairleach, chinn an tAire nach mbeadh sé cóir dá mbeadh ar scoláirí brath go hiomlán ar ghnáthphróiseas na hArdteistiméireachta agus nach mbeadh aon bhealach eile measúnaithe ann don Ardteistiméireacht a bheidh á déanamh acu in 2021. Tuigeann an tAire gur gá éascaíocht a dhéanamh do na scoláirí sin chun go mbeidh ar a gcumas dul ar aghaidh chuig an mbreisoideachas nó chuig an ardoideachas, chuig printíseacht nó chuig saol na hoibre trí na gnáthscrúduithe nó trí chóras Grád Creidiúnaithe. Lena chinntiú, a oiread agus is féidir, go mbeidh cothromas deiseanna ann do scoláirí, tá socruithe á ndéanamh ag an Aire chun na ceanglais reachtacha atá riachtanach a chur i bhfeidhm le go mbeidh ar chumas Choimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) córas Grád Creidiúnaithe a fheidhmiú sa bhreis ar na gnáthscrúduithe (ina mbeidh

comhphárteanna measúnaithe sa bhreis, nuair is infheidhme) do scoláirí reatha na hArdteistiméireachta.

Mar achoimre, déanfar torthaí na hArdteistiméireachta in 2021 a bhronnadh bunaithe ar an toradh is fearr as

- Feidhmíocht an scoláire sna scrúduithe Ardteistiméireachta in aon cheann de na hábhair a dhéanfaidh sé/sí, lena n-áirítear, nuair is iomchuí, feidhmíocht an scoláire maidir le comhphárteanna breise a chur i gcrích (obair chúrsa, béaltrialacha etc)

nó sin

- Gráid atá Creidiúnaithe ag CSS, ar gráid iad a bhronnfar ar scoláirí i ngach ábhar bunaithe ar mheastacháin na scoileanna maidir le feidhmíocht dhóchúil scoláirí i scrúdú¹ 2021 agus próiseas caighdeánaithe náisiúnta.

2. Na Scrúduithe Stáit

Beidh sé de rogha ag gach scoláire scrúduithe na hArdteistiméireachta a dhéanamh, (lena n-áirítear na scrúduithe scríofa chomh maith leis na comhphárteanna breise a bhaineann leo i ngach ábhar de réir mar is cuí) in 2021. Cuirfidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit na socrúithe riachtanacha i bhfeidhm chun na scrúduithe sin a sholáthar, faoi réir na comhairle sláinte poiblí ag an am. Féadfaidh scoláirí ar mian leo na scrúduithe a dhéanamh a bheith rannpháirteach sna béaltrialacha agus san obair chúrsa agus beidh sé de rogha acu siúd nach mian leo na scrúduithe a dhéanamh Grád atá Creidiúnaithe ag CSS a fháil.

2.1 Coigeartuithe ar na Scrúduithe Scríofa

Mar fhreagairt don chur isteach ar fhoghlaim scoláirí a tharla le linn na tréimhse ina raibh na scoileanna dúnta in 2020 agus in 2021, tá coigeartuithe déanta cheana féin ar na socrúithe measúnaithe do scoláirí iar-bhunscoile a mbeidh na scrúduithe teastais Stáit á ndéanamh acu i scoilbhliain 2020/21. Cuireadh mionsonraí maidir leis na coigeartuithe sin in iúl do scoileanna, do mhúinteoirí, agus do scoláirí sna **Socrúithe**

¹ Tabhair do d'aire go bhfuil athruithe déanta ar na scrúduithe in 2021. Féach cuid 2.1 agus na Socrúithe Measúnachta do na Scrúduithe Teastais 2021

Measúnachta do na Scrúduithe Teastais 2021 atá ar fáil . Léireofar na coigeartuithe sin sna scrúduithe scríofa.

Is féidir féachaint ar na hathruithe a rinneadh mar athruithe ina léirítear agus ina n-aithnítear an cur isteach a rinneadh ar ghnáthphatrúin teagasc agus foghlama agus an t-am foghlama a cailleadh dá bharr sin, agus ag an am céanna aithnítear go ndearna múinteoirí iarrachtaí an-suntasacha leanúnachas san fhoghlaim a sholáthar le teagasc ó chian.

Chomh maith leis an gcoigeartú ar na scrúduithe a cuireadh in iúl do scoileanna roimhe seo, déanfar coigeartuithe breise ar na páipéir scríofa. Beidh sé mar aidhm ag na coigeartuithe sin cuid den ualach a bhaint de scoláirí, ach struchtúr foriomlán ginearálta na scrúdpháipéar scríofa a fhágáil slán. I bhformhór na gcásanna, ciallóidh na coigeartuithe go mbeidh níos lú ceisteanna le freagairt ag scoláirí. Beidh fad na scrúduithe ar aon dul leis an bhfad atá leagtha amach sa tráthchlár atá foilsithe, agus dá réir sin beidh breis ama ag scoláirí chun an scrúdpháipéar a léamh agus an líon ceisteanna atá de dhíth a fhreagairt.

Eiseoidh CSS treoir bhreise do gach ábhar ar leith maidir leis na coigeartuithe sin an tseachtain dar tús an 22 Márta.

Beidh an t-am a bheidh ar fáil chun gach scrúdú scríofa a chríochnú ar aon dul leis an am atá leagtha amach sa tráthchlár atá foilsithe.

Tá sé beartaithe tús a chur leis na scrúduithe scríofa ar an 9 Meitheamh 2021. Tá an tráthchlár do na scrúduithe sin ar fáil .

2.2 Comhpháirteanna breise (obair chúrsa, béaltrialacha agus scrúduithe praiticiúla)

Déantar formhór na n-ábhar a scrúdú trí chumasc de chomhpháirteanna breise agus scrúdú scríofa. Úsáidtear na comhpháirteanna breise lena chinntiú go bhfuil deiseanna ag scoláirí a gcuid foghlama a léiriú ar fud réimse d'eolas agus de scileanna praiticiúla agus feidhmeacha.

Marcálfar agus grádófar na scrúduithe ar bhonn na gcomhpháirteanna go léir a reáchtálfar.

Déanfar mionsonraí maidir leis na socruithe ar tháinig athrú orthu i gás na n-ábhar a bhfuil comhpháirteanna breise ag gabháil leo (lena n-áirítear athruithe atá déanta ar dhátaí chun obair chúrsa a chur isteach agus chun comhpháirteanna eile a chríochnú) a fhoilsiú ar leithligh, ach is mar seo a leanas a bheidh an cur chuige i gcoitinne:

2.2.1 Obair chúrsa

Críochnóidh scoláirí an obair chúrsa agus cuirfear faoi bhráid CSS í lena marcáil nó lena marcáil i scoileanna ag scrúdaitheoirí CSS. Cuireadh an tsolúbthacht sna socruithe maidir leis an obair chúrsa a chríochnú agus a chur isteach in iúl do scoileanna i mí Eanáir 2021. Beidh mionsonraí maidir leis na dátaí nua chun an obair a chur isteach, ina gcuirtear dúnadh leanúnach na scoileanna i mí Eanáir agus i mí Feabhra san áireamh, ar fáil go luath. Nuair a bhí na coigeartuithe sin á ndéanamh tugadh aird chuí ar an ngá a bhí le ham teagasc na scoláirí a chosaint don chuid eile den scoilbhliain agus a chinntiú go gcloítear le riachtanais sláinte poiblí.

2.2.2 Na scrúduithe praiticiúla

De bharr na srianta a bhaineann le COVID-19, ní bheifear ábalta trialacha scileanna praiticiúla (trialacha praiticiúla lae) san Fhoirgníocht ná san Innealtóireacht a reáchtáil agus ní bheifear ábalta dul ar aghaidh leis an Measúnú Feidhmíochta sa Chorpoideachas. Sna hábhair sin, déanfar cion na marcanna a dháiltear ar na comhpháirteanna sin a athdháileadh ar chomhpháirt an tionscadail. Ní bheidh aon athrú ar chion na marcanna don scrúdú scríofa.

I gcás an cheoil, tá pleanáil á déanamh i gcomhair socruithe leasaithe maidir le comhpháirt na feidhmíochta praiticiúla den scrúdú a reáchtáil agus táthar ag súil go mbeidh sé sin ar siúl le linn thréimhse na Cásca. Táthar i mbun teagmhála ar bhonn leanúnach le saineolaithe sláinte poiblí agus cuirfear tuilleadh mionsonraí ina leith sin ar fáil a luaithe agus is féidir.

2.2.3 Na béaltrialacha

Beidh na béaltrialacha sa Ghaeilge agus sna nuatheangacha iasachta ar siúl sna scoileanna le linn na tréimhse ón 26 Márta 2021 go dtí an 15 Aibreán 2021. Déanfaidh na scoileanna na scrúduithe a reáchtáil taobh amuigh de ghnátham teagasc ionas nach gcuirfear isteach ar ghnátham teagasc na scoláirí agus an scrúdú á dhéanamh acu. Mar shampla, féadfar na scrúduithe a sceidealú do thréimhsí roimh nó i ndiaidh an ghnáthlae scoile, le linn shaoire na Cásca, nó ag an deireadh seachtaine. Is faoi bhainistíocht na scoile atá sé sceideal a leagan amach do na scrúduithe taobh istigh den tréimhse ón 26 Márta go dtí an 15 Aibreán, i ndiaidh dul i gcomhairle leis na múinteoirí ábhartha ar an bhfoireann teagasc, ach ba cheart go ndéanfadh scoileanna iarracht an tréimhse ina reáchtálfar gach scrúdú teanga a theorannú do thréimhse cúig lá as a chéile, chomh fada agus is féidir.

Déanfaidh múinteoir nó múinteoirí atá cáilithe san ábhar/sna hábhair chuí, a bheidh ceaptha ag bainistíocht na scoile, na béaltrialacha a reáchtáil faoi chúinsí scrúdaithe. D'fhéadfadh sé gur ball d'fhoireann na scoile nó d'fhoireann scoile in aice láimhe, agus é/í cáilithe go cuí, an múinteoir, nó sin múinteoir eile atá cáilithe go cuí agus a fhostaíonn an scoil. Íocfaidh CSS na múinteoirí a chuirfidh an tasc seo i gcrích, ar aon dul leis na socrúithe atá i bhfeidhm maidir le ceapadh pearsanra scrúduithe. Beidh na gnáthrialacha i bhfeidhm maidir le grinnfhiosrúchán múinteoirí.

Cuirfidh CSS treoir ar fáil do na múinteoirí a mbeidh na scrúduithe á reáchtáil acu. Déanfar an bhéaltriala a thaifeadadh go leictreonach agus cuirfear an taifeadadh ar aghaidh chuig CSS lena mharcáil.

Beidh sé d'údarás ag scoileanna cúntóir scrúduithe a cheapadh chun cabhrú le riar na mbéaltrialacha. Íocfaidh CSS an cúntóir scrúdaithe faoin scéim a bhaineann le cúntóir scrúduithe a chur ar fáil chun tacú le soláthar scrúduithe i scoileanna.

2.3 An Ardteistiméireacht Fheidhmeach (ATF)

Tá sé beartaithe tús a chur leis na scrúduithe scríofa don ATF ar an 9 Meitheamh 2021.

Sular cuireadh tús leis an scoilbhliain reatha, d'fhoilsigh an Roinn faisnéis do lucht bainistíochta agus do mhúinteoirí na hArdteistiméireachta Feidhmí (ATF) 2020/21 i Scoileanna Dara Leibhéal agus in Ionaid Oideachais.

Sa nóta faisnéise sin, leagadh amach na socrúithe curaclaim agus na socrúithe measúnaithe do scoláirí ATF Bliain a 1 agus Bliain 2 don bhliain acadúil reatha 2020/21. Cuirtear na leibhéil éagsúla ag a raibh scoláirí páirteach san fhoghlaim le linn scoilbhliain 2019/20 san áireamh freisin sna socrúithe leasaithe agus tugtar aitheantas do chineál modúlach an ATF.

Rinneadh na socrúithe measúnaithe do scoláirí a bhfuil scrúduithe teastais an ATF á ndéanamh acu a choigeartú. Cuireadh mionsonraí maidir leis na coigeartuithe sin in iúl do scoileanna, do mhúinteoirí, agus do scoláirí sna **Socrúithe Measúnachta do na Scrúduithe Stáit Arrangements 2021**.

Cuirfear treoir ar leith ar fáil maidir leis na socrúithe mionsonraithe do scrúduithe an ATF.

3. Gráid atá Creidiúnaithe ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS)

Tá múinteoirí agus scoláirí tar éis iad féin a chur in oiriúint do chur chuige malartach i dtaca le teagasc agus foghlaim, trí theagasc agus trí fhoghlaim éigeandála ó chian. Mar sin féin, in ainneoin acmhainní breise a chur ar fáil do scoileanna, tá éagsúlachtaí fós ann maidir le rochtain ar theicneolaíocht, nascacht agus scileanna digiteacha, agus d'fhéadfadh sé go raibh tionchar acu sin ar an bhfoghlaim. Dá bhrí sin, féadfaidh na scoláirí go léir atá ag déanamh na hArdteistiméireachta in 2021 glacadh leis an rogha tacar Grád atá Creidiúnaithe ag CSS a fháil. Tiocfar ar na gráid trí phróiseas ina n-úsáidfidh an múinteoir réimse fianaise atá ar fáil chun tacú lena b(h)reithiúnas maidir leis na marcanna céatadáin atá le bronnadh ar scoláirí a mheas, agus ina dhiaidh sin beidh na marcanna sin faoin réir próiseas ailínithe ionscoile agus ina dhiaidh sin arís faoi réir próiseas caighdeánaithe náisiúnta.

Cuirfear Gráid atá Creidiúnaithe ag CSS ar fáil:

- **Sa bhreis ar na scrúduithe:** Chomh fada agus is féidir, déanfar Gráid atá Creidiúnaithe ag CSS a sholáthar do scoláirí i ngach ábhar ina bhfuil siad iontráilte do scrúduithe na hArdteistiméireachta in 2021, ar choinníoll go bhfuil dóthain fianaise ar fáil chun Grád atá Creidiúnaithe ag CSS a bhunú uirthi.
- **Do scoláirí nach féidir leo na scrúduithe a dhéanamh ag an am atá beartaithe dóibh:** Mar shampla, d'fhéadfadh sé go mbeadh roinnt scoláirí i mbaol mór ó COVID-18; d'fhéadfadh sé go gcaithfeadh roinnt scoláirí féin-aonrú a dhéanamh agus/nó a gcuid gluaiseachtaí a shrianadh ar feadh thréimhse iomlán na scrúduithe nó ar feadh coda di; nó d'fhéadfadh sé go bhfuair garghaol leo bás nó go bhfuil tinneas atá deimhnithe de réir míochaine ag cur as dóibh agus dá bhrí sin nach féidir leo na scrúduithe a dhéanamh. De bhrí go bhfuil Grád atá Creidiúnaithe ag CSS ar fáil, féadfaidh an scoláire grád a fháil i gcásanna den chineál sin. Ní bheidh aon deis ann scrúduithe 2021 a dhéanamh ar dháta níos déanaí.
- **Nuair nach féidir na scrúduithe a dhéanamh:** D'fhéadfadh sé nach mbeifí ábalta na scrúduithe a rith in ionad scrúdaithe amháin nó níos mó de bharr srianta a bhaineann le COVID-19. I gcásanna den chineál sin, braithfidh scoláirí ar Ghrád atá Creidiúnaithe ag CSS ina ionad sin.

Beidh ar scoláirí clárú ar Thairseach CSS d'Iarrthóirí; a gcuid sonraí maidir le hábhair agus leibhéil iontrála a dheimhniú; na scrúduithe agus/nó Gráid atá Creidiúnaithe ag CSS a roghnú. Táthar ag súil go mbeidh Tairseach CSS d'Iarrthóirí ar oscailt an tseachtain dar

tús an 8 Márta 2021 ionas go bhféadfaidh scoláirí a gcuid roghanna a dhéanamh. Beidh tuairim is seachtain amháin ag scoláirí chun é sin a dhéanamh. Cuirfear mionsonraí maidir le roghanna na scoláirí ar fáil do gach scoil.

Déanfar an tairseach a athoscailt ag deireadh mhí an Aibreáin/tús mhí na Bealtaine chun go bhféadfaidh iarrthóirí athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid roghanna. Cuirfear na mionsonraí deiridh atá deimhnithe i dtaca leis na hiarrthóirí ar fáil do scoileanna roimh an bpróiseas ionscoile.

3.1. Cad is Grád atá Creidiúnaithe ag CSS ann?

Is grád é Grád atá Creidiúnaithe ag CSS ar féidir é a chur ar fáil do scoláire i dtaca le hábhar tar éis do CSS marc céatadáin measta na scoile i dtaca le feidhmíocht ionchasach scoláire i scrúdú a chomhcheangal leis na sonraí náisiúnta atá ar fáil maidir le feidhmíocht scoláirí i scrúduithe thar thréimhse ama. Dá bhrí sin, cuirtear feidhmíocht i ngach gné de scrúdú san áireamh i nGráid Chreidiúnaithe lena n-áirítear, nuair is iomchuí, comhpháirteanna agus tascanna a bhaineann le béaltrialacha, scrúduithe praiticiúla agus obair chúrsa.

Is mar thoradh ar shonraí a chomhcheangal mar seo a leanas a thagtar ar Ghrád atá Creidiúnaithe ag CSS:

- Meastachán **scoile**² ar an marc céatadáin atá le bronnadh ar scoláire maidir lena feidhmíocht/fheidhmíocht ionchasach i scrúdú san ábhar áirithe sin.
- Sonraí atá ar fáil ó na **scrúduithe stáit**, – san áireamh ansin tá sonraí náisiúnta maidir le feidhmiú scoláirí i ngach ábhar i scrúduithe na hArdteistiméireachta agus an Teastais Shóisearaigh/na Sraithe Sóisearaí (roimh 2020), ach ní gá gurb iad sin amháin a bheidh i gceist.

Cinnfidh comhcheangal na dtacar sonraí sin trí phróiseas caighdeánaithe náisiúnta an grád a bhronnfar ar gach scoláire i ngach ábhar, agus is é an toradh a bheidh air sin ná Grád atá Creidiúnaithe ag CSS a bhronnadh.

Tá an tAire tiomanta do leasuithe reachtacha a thabhairt chun cinn (ar an Acht Oideachais, 1998) lena gceadófar do CSS Scéim na nGráid Creidiúnaithe do Scrúdú na

Sa doiciméad seo, meastar go dtagraíonn “scoil” d’aon scoil nó ionad oideachais aitheanta nó d’aon ionad scrúdaithe a dtugann Coimisiún na Scrúduithe Stáit aitheantas dó.

hArdeistiméireachta 2021 a riar. Mar sin féin, beidh an phleanáil do na céimeanna tosaigh maidir le feidhmiú chóras na nGrád Creidiúnaithe á bainistiú ag Roinn an Aire nó go mbeidh na leasuithe reachtacha sin i bhfeidhm.

3.2 Cad iad na prionsabail a bhuntacaíonn le córas na nGrád atá Creidiúnaithe ag CSS?

Tá an córas Grád atá á thairiscint, ar Gráid iad atá Creidiúnaithe ag CSS, bunaithe ar na bunphrionsabail seo a leanas:

- **Gairmiúlacht na Múinteoirí:** Tá eolas ag múinteoirí ar a gcuid scoláirí agus is féidir leo cothromaíocht a aimsiú idir tosca éagsúla chun teacht ar bhreithiúnas gairmiúil maidir le feidhmíocht ionchasach a gcuid scoláirí. Cuireann a _____ a mbuntacaíonn luachanna a bhaineann le *Macántacht, Iontaoibh, Cúram agus Meas leis* bonn eolais faoin mbealach a n-oibríonn siad i scoileanna chun na torthaí is fearr a chinntiú dá gcuid scoláirí.
- **Tacaíocht do scoláirí:** Cinntíonn an tairiscint ar Ghráid atá Creidiúnaithe ag CSS go bhfuil bealach, soiléir, malartach i bhfeidhm do scoláirí atá ag dul ar aghaidh chuig an mbreisoideachas agus chuig an ardoideachas, nó chuig saol na hoibre, agus tugann sí cinnteacht don phróiseas foriomlán. Mar sin, cuirtear an gá atá le tacaíocht a thabhairt d'fholláine na ndaltaí san áireamh agus déantar an riachtanas atá le teastasú bailí a chomhlíonadh.
- **Oibiachtúlacht:** Beidh múinteoirí agus scoileanna oibiachtúil ina gcuid measúnaithe ar fheidhmíocht ionchasach na scoláirí agus cuirfidh siad réimse fianaise san áireamh chun tacú leis na breithiúnais a dhéanfar. Oibreoidh scoileanna agus múinteoirí i gcomhar lena chinntiú nach mbeidh tionchar ag aon chlaontacht, comhfhiosach nó neamh-chomhfhiosach, ar na cinntí a dhéanfar maidir le feidhmíocht ionchasach scoláire.
- **Cothroime agus cothromas:** Déanfaidh scoileanna agus múinteoirí gach iarracht cothroime agus cothromas a bhaint amach maidir leis an mbealach a gcuireann siad an próiseas i bhfeidhm ag leibhéal na scoile.
- **Comhoibriú:** Úsáidfear cur chuig comhoibríoch i scoileanna lena chinntiú go gcuirfeadh gach céim den phróiseas i gcrích.
- **Tráthúlacht:** Cinnteoidh scoileanna agus múinteoirí go ndéanfar na spriocdhátaí a leagtar síos chun na próisis ionscoile a chur i gcrích a

chomhlíonadh agus go gcuirfear gach céim i gcrích taobh istigh den achar ama atá leagtha síos di.

3.3 Cad iad na príomhghnéithe a bhaineann le córas na nGrád atá Creidiúnaithe ag CSS?

De bhrí go n-aithnítear go bhfuil sé riachtanach go rachadh scoláirí reatha na hArdteistiméireachta ar aghaidh chuig an mbreisoideachas nó chuig an ardoideachas, chuig printíseacht nó chuig saol na hoibre, cuirfear Gráid Chreidiúnaithe ar fáil do scoláirí nuair atá sin indéanta. Déanfar na Gráid atá Creidiúnaithe ag CSS a ghiniúint agus feidhm á baint as na marcanna céatadáin measta a sholáthróidh na scoileanna (i ndiaidh don mhúinteoir/do na múinteoirí ábhair meastachán sealadach a thabhairt, ar meastachán é a bheidh faoi réir próiseas ailínithe ionscoile agus próiseas maoirseachta arna chur i gcrích ag an bpríomhoide) agus as caighdeánú náisiúnta.

I measc na bpríomhghnéithe a bhaineann le córas na nGrád atá Creidiúnaithe ag CSS, tá:

- **Aitheantas do ghnóthachtáil an scoláire:** Tugann an córas aitheantas do ghnóthachtáil an scoláire thar dhá bhliain na Sraithe Sinsearaí, agus d'fheidhmíocht ionchasach an scoláire sa scrúdú, lena n-áirítear na scrúduithe scríofa agus nuair is iomchuí, tascanna, béaltrialacha, scrúduithe praiticiúla agus/nó comhpháirteanna a bhaineann le hobair chúrsa. Ba cheart an fhoghlaim le linn na tréimhse ina raibh na scoileanna dúnta i mí Eanáir, mí Feabhra agus mí an Mhárta 2021 a chur san áireamh (ach go mbeadh fainicí i gceist), agus chomh maith leis sin an fhoghlaim le linn na tréimhse ina raibh na scoileanna dúnta in 2020. Cuirfear foghlaim agus torthaí ó mhí an Mhárta go dtí an 14 Bealtaine san áireamh freisin.
- **Léiriú ar an bhfoghlaim:** Aithnítear i gcóras na Grád atá Creidiúnaithe ag CSS go bhfoghlaimíonn scoláirí ar bhealaí éagsúla agus go bhforbraíonn siad réimse eolais, scileanna agus inniúlachtaí in ábhair le linn a dtréimhse staidéir. Léirítear ann freisin go raibh tionchar ag dúnadh scoileanna ar rannpháirtíocht na scoláirí ar bhealaí éagsúla; chuir mórán acu iad féin in oiriúint go maith don fhoghlaim ar líne, ach bhí sé níos deacraí ar chuid eile acu a bheith rannpháirteach nó rochtain iomlán a fháil ar fhoghlaim ar líne.
- **Leanúnachas san fhoghlaim:** Déantar iarracht sna socrúithe do na Gráid atá Creidiúnaithe ag CSS a chinntiú go ndéanfar rannpháirtíocht na scoláirí leis na scoileanna a spreagadh don chuid eile de scoilbhliain 2020/21. Táthar ag súil, le tacaíocht a gcuid múinteoirí, go mbeidh ar chumas scoláirí dul chun cinn a

dhéanamh ina gcuid foghlama agus go mbeidh siad ag obair chun a gcúrsa staidéir a chríochnú. Cuideoidh sé sin leis an ullmhúchán chun dul ar aghaidh chuig an mbreisoideachas agus chuig an ardoideachas, chuig printíseacht agus chuig saol na hoibre.

- **Cosaintí maidir le breithiúnas gairmiúil na múinteoirí:** Tugann an t-athnascadh lena múinteoirí agus lena bpiaraí i dtimpeallacht aghaidh ar aghaidh deis chun tacú le folláine na scoláirí agus chun roghanna don oideachas agus do ghairmeacha amach anseo a plé. Mar sin féin, tá cosc ar stocaireacht nó ar theagmháil ó thuismitheoir/chaomhnóirí, scoláirí agus daoine eile, agus ar phlé le múinteoirí agus/nó le lucht bainistíochta scoile i dtaca leis na marcanna measta a chuir an scoil isteach, mar chuid de phróiseas na nGrád Creidiúnaithe.³
- **Comhsheasmhacht maidir le cur chuige:** Tabharfar tacaíocht do scoileanna agus do mhúinteoirí ábhair maidir le cur chuige comhsheasmhach a ghlacadh trí threoir mhionsonraithe bhreise a sholáthar maidir le córas na nGrád atá Creidiúnaithe ag CSS.

4. Na príomhchéimeanna sa phróiseas a bhaineann le teacht ar Ghrád Creidiúnaithe

Tá **dhá phríomhchéim** i gceist sa phróiseas a bhaineann le teacht ar Ghrád atá Creidiúnaithe ag CSS:

- Céim scoilbhunaithe
- Céim chaighdeánaithe náisiúnta

Buntacaíonn na prionsabail atá luaite thuas leis an dá chéim

Baineann an próiseas maidir le teacht ar Ghrád atá Creidiúnaithe ag CSS leo seo a leanas:

- An Ardteistiméireacht Bhunaithe – ábhair
- Gairmchlár na hArdteistiméireachta – Nascmhodúil
- An Ardteistiméireacht Fheidhmeach – ábhair, tascanna agus sainchúrsaí gairme do scoláirí ATF i mbliain 2 agus nuair is iomchuí scoláirí ATF i mbliain 1.

³ Tugtar treoir bhreise in gCuid 14

De bharr na gcúinsí sainsiúla atá cruthaithe ag paindéim COVID, tá próiseas na nGrád atá Creidiúnaithe ag CSS á chur ar fáil sa bhreis ar phróiseas scrúdú na hArdteistiméireachta. Féadfaidh gach scoláire Ardteistiméireachta scrúduithe na hArdteistiméireachta a dhéanamh, ar scrúduithe iad a chuimsíonn na scrúduithe scríofa i mí an Mheithimh agus na comhphárteanna gaolmhara i ngach ábhar (béaltrialacha, obair chúrsa etc).

5. Ról na scoile

I gcomhthéacs an phróisis scoilbhunaithe, is é an ról atá ag an múinteoir ábhair marcanna a sholáthar a léiríonn:

- **meastachán ar an marc céatadán** i ngach ábhar arb é an marc céatadán é is dóichí a bheadh le fáil ag gach scoláire dá ndéanfadh sé/sí scrúdú na hArdteistiméireachta in 2021⁴

I gcás na n-ábhar a scrúdaítear trí scrúdú scríofa agus comhphárteanna breise tá sé tábhachtach go ndéanfaí foghlaim agus inniúlachtaí na ndaltaí ar fud réimse d'eolas agus de scileanna praiticiúla agus feidhmeacha a bhreithniú. Dá bhrí sin, beidh sé riachtanach go gcuirfeadh múinteoirí feidhmíocht dhóchúil an scoláire sa scrúdú scríofa chomh maith le feidhmíocht dhóchúil an scoláire sa chomhpháirt bhreise (sna comhphárteanna breise) san áireamh nuair a bhítear ag teacht ar an marc céatadán measta. .

- **Feidhmíocht aonair:** Léireoidh múinteoirí nach bhfuil aon bheirt scoláirí á gcur ar an marc céatadán measta céanna. Féadfaidh suas le dhá ionad de dheachúlacha a bheith san áireamh sna marcanna céatadán i.e. 83.22%, 83.33%, etc.

Nuair a bheidh na marcanna measta thuas á soláthar beidh **ceithre cinn de phríomhchéimeanna scoilbhunaithe** i gceist.

1. An meastachán an dhéanann an múinteoir ar mharcanna céatadán an scoláire

⁴ Tabhair do d'aire go bhfuil athruithe déanta ar na scrúduithe in 2021. Féach cuid 2.1 agus na Socruithe Measúnachta do na Scrúduithe Teastais 2021

2. Ailíniú na scoile ar na marcanna i leith ábhair trí ghrúpa ailínithe ábhair a chuimsíonn múinteoirí a bhfuil an t-ábhar á theagasc acu do scoláirí Ardteistiméireachta i mbliana
3. Maoirseacht á déanamh ag príomhoide na scoile ar an bpróiseas ailínithe
4. Seachadadh na marcanna i gcomhair caighdeánú náisiúnta.

Déantar gach ceann de na céimeanna sin a leagan amach go mion thíos.

6. Meastachán an mhúinteora (Céim 1)

Iarrtar ar mhúinteoirí a mbreithiúnas gairmiúil a úsáid, agus leas á bhaint acu as taifid atá ann cheana féin agus as fianaise atá ar fáil, chun teacht ar mharc céatadán measta sealadach do gach scoláire atá ag tabhairt faoi chlár Ardteistiméireachta.

Ba cheart go léireodh an measúnú ar fhoghlaim na scoláirí aidhmeanna agus torthaí foghlama na sonraíochtaí agus na siollabas de réir mar is iomchuí.

Agus iad ag teacht ar mheastachán in ábhair ina bhfuil níos mó ná comhpháirt amháin, cuirfidh múinteoirí an scrúdú scríofa agus an chomhpháirt bhreise san áireamh. Cuirfear an t-ualú cuí do na comhpháirteanna go léir san áireamh sa mheastachán. Iarrfar ar mhúinteoirí a mbreithniú ar gach comhpháirt a thaifeadadh go foirmiúil. Tá eolas agus taithe an mhúinteora ar an gcuraclam agus ar an scrúdú ríthábhachtach maidir leis an bpróiseas a bhaineann le teacht ar an marc measta.

6.1 Cad a chuireann bonn eolais faoi mharcanna measta an mhúinteora?

I measc na fianaise a bhféadfaidh múinteoirí leas a bhaint aisti tá gníomhaíochtaí foirmitheacha agus gníomhaíochtaí suimitheacha ar tugadh fúthu le linn an dá bhliain staidéir, lena n-áirítear iad siúd ar tugadh fúthu le linn tréimhsí foghlama éigeandála ó chian sa scoilbhliain reatha 2020/21. Níor cheart go dtabharfaí cead d'iompar scoláire (bíodh sé maith nó dúshlánach), carachtar, cuma, aicme shóisialta, eitneacht, nó asláithreacht ó mheasúnuithe suimitheacha scoilbhunaithe de bharr tinnis mar shampla, dul i gcion ar bhreithiúnas gairmiúil an mhúinteora. Tá sé tábhachtach gan gnéithe amhail nósanna oibre agus iarracht, obair bhaile, rannpháirtíocht, tinreamh agus poncúlacht a chomhcheangal le gnóthachtáil san ábhar lena mbaineann.

Nuair atá a mbreithiúnais á ndéanamh acu, ba cheart do mhúinteoirí leas a bhaint as taifid atá ann cheana féin agus as fianaise atá ar fáil. Tá sé tábhachtach go mbeadh na

breithiúnais oibiachtúil, agus níor cheart go gcuirfí san áireamh iontu ach amháin eolas faoi fheidhmíocht an scoláire. San áireamh san eolas sin, nuair atá sé ar fáil, beidh:

- Taifid ar fheidhmíocht gach scoláire thar an gcúrsa staidéir, lena n-áirítear mar shampla, tascanna, tionscadail agus obair phraiticiúil chomh maith le tascanna tábhachtacha agus obair phraiticiúil i gcás na hArdteistiméireachta Feidhmí (ATF).
- Feidhmíocht in aon mheasúnuithe ranga, mar shampla, tascanna, ceisteanna, scrúduithe tí nó téarma etc. a rinneadh le linn an chúrsa staidéir. Ba cheart úsáid a bhaint as fianaise ar fhoghlaim le linn na tréimhse ina raibh na scoileanna dúnta in 2021. Nuair a bhíonn an fhianaise sin á húsáid, ní mór go gcuirfí san áireamh scoláirí a raibh sé thar a bheith deacair orthu bheith rannpháirteach go héifeachtach sa teagasc agus san fhoghlaim ó chian de bharr a gcuid cúinsí. Ba cheart go mbeadh múinteoirí thar a bheith cúramach agus úsáid á baint acu as fianaise ar fhoghlaim ón tréimhse ina raibh na scoileanna dúnta in 2020, go háirithe má bhí eispéiris teagaisc agus foghlama scoláirí an-éagsúil ag an am sin.
- Feidhmíocht i dtaca le comhpháirt ar bith d'obair chúrsa, fiú mura bhfuil sí críochnaithe go hiomlán, lena n-áirítear tascanna i gcás na hArdteistiméireachta Feidhmí.
- Aon eolas iomchuí eile a bhaineann le feidhmíocht scoláire.

6.2 Cad iad na príomhthacair eolais atá ar fáil agus a chuireann bonn eolais faoi bhreithiúnas gairmiúil an mhúinteora?

Déanfaidh múinteoirí athbhreithniú ar an eolas atá ar fáil do gach rang-ghrúpa le linn na sraithe sinsearaí. Is féidir sonraí a bhaint as na torthaí atá curtha isteach ar chóras bogearraí riaracháin na scoile, as taifid na múinteoirí féin agus, má tá siad ar fáil, samplaí d'obair na scoláirí a bhfuil aiseolas cháilíochtúil i scríbhinn san áireamh inti.

I measc na dtorthaí ó mheasúnuithe suimitheacha a bhíonn ar fáil de ghnáth tá, mar shampla: tuairiscí ag deireadh an téarma don chúigiú agus don séú bliain, ag cur san áireamh go bhféadfadh sé go ndearnadh iad sin a reáchtáil i gcúinsí éagsúla, go foirmiúil sa scoil, nó i dtimpeallacht ó chian gan aon mhaoirseacht. D'fhéadfaí freisin taifid na múinteoirí ar mheasúnuithe sa rang, mar shampla, trialacha ag deireadh topaice, measúnuithe leanúnacha, measúnuithe cluastuisceana agus béaltrialacha, cuir i láthair, obair thionscadail, agus/nó obair chúrsa thar an dá bhliain staidéir a chur san áireamh freisin.

Ba cheart go dtiocfadh múinteoirí ar bhreithiúnas ‘ar an iomlán’ maidir le feidhmíocht ionchasach scoláire agus níor cheart go measfaí go léireodh ardú nó ísliú anois is arís i bhfeidhmíocht scoláire feidhmíocht fhoriomlán an scoláire sin.

Ní cheadaítear samhlacha staitistiúla ná algartamacha, cosúil leo siúd a chuireann cuideachtaí tráchtála ar fáil, a úsáid sa phróiseas a bhaineann le hanailís agus athbhreithniú a dhéanamh ar shonraí agus marcanna céatadáin a mheas.

6.3 Cad iad na tréithe a bhainfidh leis na measúnuithe a roghnófar?

Torthaí measúnuithe foirmitheacha ar féidir a mheas go bhfuil siad seo a leanas san áireamh iontu, mar shampla:

1. Breathnóireacht ar fhoghlaim agus ar dhul chun cinn scoláirí i gceachtanna
2. Aiseolas foirmitheach i scríbhinn a tugadh do scoláirí
3. An léiriú a dhéanann scoláirí ar eolas agus ar phríomhscileanna san ábhar, lena n-áirítear i gcomhthéacs na n-ábhar a bhfuil comhpháirteanna ó bhéal nó comhpháirteanna eile ag baint leo, a gcuid rannpháirtíochta sna gnéithe sin

Nuair atá measúnuithe suimitheacha á roghnú le go gcuirfí san áireamh iad:

1. Ba cheart go mbeadh fianaise ar an bhfoghlaim agus ar an measúnú a cuireadh i gcrích
2. Ba cheart go mbeadh aiseolas tugtha do scoláirí maidir leis an obair a cuireadh i gcrích lena n-áirítear mar shampla: aiseolas inste i scríbhinn, marcanna, scóir chéatadáin, gráid, nó tuairiscíní

6.4 An dteastaíonn measúnuithe breise?

I ndiaidh dóibh filleadh ar an scoil, féadfaidh múinteoirí líon teoranta de mheasúnuithe breise a reáchtáil suas go dtí an 14 Bealtaine 2021.

Tá sé tábhachtach, sa tréimhse sula gcinnefar na marcanna céatadáin measta go ndéantar an rómheasúnú a sheachaint agus go mbaintear amach an chothromaíocht chúí idir measúnú foirmitheach agus measúnú suimitheach.

Le linn na tréimhse sin, ba cheart do mhúinteoirí, a oiread agus is féidir, cloí leis na modhanna measúnaithe agus aiseolais a bhfuil cleachtadh ag scoláirí orthu agus atá ag teacht leis na modheolaíochtaí agus leis an gcur chuige a bheadh acu go hiondúil ag an am sin den bhliain. Beidh soláthar aiseolais do scoláirí i dtaca le measúnuithe atá críochnaithe an-tábhachtach i gcomhthéacs na dtréimhsí ina raibh na scoileanna dúnta, nuair a bhain éagsúlacht leis na deiseanna a bhí ar fáil chun aiseolas a sholáthar do scoláirí maidir lena gcuid oibre. Ba cheart go mbeadh an t-aiseolas a thugtar ailínithe leis an gcineál measúnaithe a úsáideadh, rud a chiallaíonn gur cheart go mbeadh ráiteas foirmitheach, tuairiscín ar ghnóthachtáil nó táscaire uimhriúil amhail marc nó céatadán san áireamh ann.

Má reáchtálann múinteoir measúnuithe breise suas go dtí an 14 Bealtaine, ba ceart go ndéanfaí na measúnuithe sin a bhreithniú i gcomhréir le cineálacha eile fianaise ar fhoghlaim an scoláire thar thréimhse an chláir.

6.5 Cad iad na cineálacha measúnaithe is féidir a úsáid le linn na tréimhse sin?

Nuair atá triail a dhear an múinteoir á reáchtáil sa rang, níor cheart go mairfeadh an triail níos faide ná ceacht amháin (uair an chloig ar a mhéad) agus féadfar trí cinn de thrialacha ranga a reáchtáil suas go dtí an 14 Bealtaine 2021. I measc na dtrialacha ar féidir iad a reáchtáil, tá trialacha scríofa, béaltrialacha, trialacha cluastuisceana agus trialacha praiticiúla.

Ba cheart go mbeadh na nithe seo a leanas san áireamh sna cuir chuige a úsáidtear maidir le measúnú:

1. Go gcuirfí cuir chuige i leith measúnú foirmitheach ar bhonn leanúnach san áireamh agus é sin á sholáthar ag gnáth-theagasc ranga ina ndéantar dul chun cinn a sheiceáil agus ina dtugtar cúnamh chun na chéad chéimeanna eile chun an fhoghlaim a chur chun cinn a aimsiú
2. Go dtacófaí le tuiscint na scoláirí ar an aiseolas a sholáthraítear trí chritéir rathúlachta a sholáthar
3. A chinntiú nach gcuirtear as rómhór don fhoghlaim de bhrí go bhfuil scoláirí ag ullmhú do thrialacha agus go bhfuil trialacha á reáchtáil go minic

4. Nach mbeadh aon tionchar á imirt ag tuismitheoir/caomhnóir, scoláire ná ag duine ar bith eile i dtaca leis an mbealach a bhféadfadh sé cur leis na Gráid atá Creidiúnaithe ag CSS⁵
5. Nach mbeifí faoi thionchar ag na cleachtais mheasúnaithe a bhraitear a bheith ag múinteoirí agus/nó ag scoileanna eile.

Nuair is iomchuí, ba cheart go gcuirfí scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (RSO) acu san áireamh i modh nó i bhformáid an mheasúnaithe ionscoile agus go ndéanfaí cuir chuige dhifreáilte a sholáthar ionas gur féidir le scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu rochtain a fháil ar an modh measúnaithe atá oiriúnach dóibh agus go mbeifí solúbtha i dtaca lena gcomhthéacs ar leith. Ní gá go mbeadh na socrúithe sin ar aon dul leo siúd a sholáthraítear le linn na scrúduithe teastais, de bhrí go bhfuil comhthéacs agus srianta atá éagsúil i gceist, ach beidh na spriocanna céanna i gceist leo – aon bhacainní rochtana a d'fhéadfadh cur as do chumas an scoláire a bhfuil ar eolas aige nó aici a léiriú a bhaint.

Beidh comhairle agus treoir maidir le cuir chuige i leith measúnaithe a bheidh dírithe ar ábhair ar leith ar fáil in am trátha.

6.6 Cad iad na measúnuithe nár cheart a úsáid le linn na tréimhse sin?

Níor cheart eolas uathu seo a leanas a úsáid:

- **Obair féinmheasúnaithe nó piarmheasúnaithe** nach ndearna an múinteoir aon mhaoirseacht uirthi nó nach raibh aon bhaint ag an múinteoir le measúnú na hoibre a cuireadh i gcrích.
- **Trialacha gearra scríofa** a raibh níos lú ná tréimhse ranga amháin i gceist leo agus ina ndearnadh gné theoranta den fhoghlaim a mheas, mar shampla, trialacha litrithe nó foclóra.

Níl gá le **Bréagscrúduithe** (i.e. scrúduithe ina ndéanann rang-ghrúpaí iomlána scrúduithe scríofa i gcúinsí atá ar aon dul leo siúd sna scrúduithe teastais) agus ní mholtar iad a úsáid mar fhianaise do phróiseas na nGrád Creidiúnaithe. Ba cheart an tréimhse i ndiaidh fillleadh ar an scoil a úsáid chun uasmhéadú a dhéanamh ar na deiseanna i gcomhair teagaisc agus foghlama leis na scoláirí.

⁵ Tá tuilleadh eolais san áireamh i gCuid 14 den treoir seo

7. Ceisteanna Sonracha

7.1 Ag freagairt trí Ghaeilge

I gcás scoláirí a iontráladh chun a gcuid scrúduithe a dhéanamh trí Ghaeilge, ba cheart don mhúinteoir a m(h)eastachán ar mharc dóchúil an scoláire a bhunú ar an toimhde go bhfuil an bónas atá le fáil chun an páipéar scríofa a fhreagairt trí Ghaeilge curtha san áireamh sa mheastachán. Meastar go mbeidh tionchar an bhónais curtha san áireamh ag formhór na múinteoirí atá ag múineadh trí Ghaeilge agus iad ag déanamh a gcéad bhreithiúnas, ionas nach mbeidh aon ghá le ríomh follasach a dhéanamh ar an mbónas. Mar sin féin, má tá aon mhúinteoirí nach bhfuil cinnte faoin gcaoi a bhfeidhmíonn an bónas ina n-ábhar féin, tá eolas ar fáil ar

7.2 Cothroime agus cothromas

Faoi mar a luadh i gCuid 3 den Treoir seo, tá na prionsabail a bhaineann le cothromas, cothroime agus oibiachtúlacht go mór chun tosaigh i gCóras na nGrád atá Creidiúnaithe ag CSS. Ba cheart do mhúinteoirí a ndícheall a dhéanamh bheith airdeallach ar fhoinsí féideartha i gcomhair claontacht neamh-chomhfhiosach a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar na meastacháin, lena n-áirítear cinneadh an scoláire an scrúdú a dhéanamh. Léiríonn taighde go bhféadfadh tionchar a bheith ag taithí agus ag dearcadh an mhúinteora ar iompar an scoláire sa seomra ranga, nó ag an eolas atá ag an múinteoir ar chúla socheacnamaíochta nó teaghlaigh an scoláire, ar mheastacháin an mhúinteora ar fheidhmíocht an scoláire. Má táthar airdeallach ar an bhfoinse sin don chlaontacht neamh-chomhfhiosach, féadfaidh múinteoirí díriú go hoibiachtúil ar eolas a bhaineann go soiléir le gnóthachtáil san ábhar agus nach mbaineann le tosca eile.

Má tá coimhlint leasa, bíodh sí fíor nó braite, i gceist le marc measta a bhronnadh ar scoláire ar leith (amhail garghaol) i rang múinteora, díreoidh an múinteoir aird an phríomhoide air sin. Déanfaidh múinteoir ainmnithe agus/nó príomhoide tánaisteach maoirseacht bhreise i gcásanna den chineál sin. Má thagann an choimhlint leasa i gceist i gcás príomhoide atá ag teagasc an scoláire, cuirfidh sé/sí é sin in iúl don phríomhoide tánaisteach.

7.3 Socruithe réasúnta do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

I gcás inar ceadaíodh aon socrú réasúnta d'aon scoláire (amhail léitheoir nó scríobhaí), bunóidh an múinteoir an meastachán ar fheidhmíocht ionchasach an scoláire ar an tuiscint go mbeadh an socrú sin ar fáil. Ó tharla go bhfuil sé i gceist go léireodh socruithe gnáthmhodh oibre an scoláire sa rang, níor cheart go mbeadh gá le hidirghabháil speisialta ar bith seachas an tuiscint atá ag an múinteoir cheana féin ar an mbealach a n-éiríonn leis an scoláire leis na tacaíochtaí iomchuí atá i bhfeidhm.

7.4 Scoláirí atá nua sa rang nó sa scoil

Má tháinig scoláire isteach sa rang ó rang eile sa scoil, rachaidh an múinteoir i gcomhairle leis an múinteoir a bhí ag an scoláire roimhe sin (más féidir) agus gheobhaidh sé/sí aon taifid atá ag an múinteoir sin. Má tháinig an scoláire isteach sa rang ó scoil eile, nó má cheapann an múinteoir nach bhfuil an tréimhse ama sách fada le gur féidir leis/léi dóthain fianaise a bheith aige/aici chun breithiúnas grinn a thabhairt, ba cheart go rachadh sé/sí i gcomhairle le lucht bainistíochta na scoile maidir le tuileadh eolais a fháil ón scoil ina raibh an scoláire roimhe sin. D'fhéadfadh sé nach mbeifí ábalta é sin a fháil, agus sa chás sin beidh ar an múinteoir fós an breithiúnas is fearr is féidir leis/léi a thabhairt bunaithe ar an bhfianaise atá ar fáil.

7.5 Scoláirí a bhfuil an Scrúdú á dhéanamh an Athuair acu

Má tá an scrúdú á dhéanamh an athuair ag scoláire sa scoil, agus go raibh an scoláire ar an rolla sa scoil sin nuair a rinne sé/sí an Ardeistiméireacht den chéad uair, ba cheart fianaise ar ghnóthachtáil ón dá shraith a bhreithniú, ach ba cheart ualú ar leith a thabhairt d'obair an scoláire agus do leibhéal gnóthachtála an scoláire le linn na bliana a raibh an scrúdú á dhéanamh an athuair aige/aici. Má bhí an scoláire ina scoláire Ardeistiméireachta in 2020, ba cheart do mhúinteoirí a bheith an-chúramach maidir le fianaise ar fhoghlaim ón tréimhse ina raibh scoileanna dúnta in 2020 a úsáid. Má tá múinteoir eile ag an scoláire le linn na bliana ina bhfuil sé/sí ag déanamh an scrúdaithe an athuair seachas an múinteoir a bhí aige/aici roimhe sin, ba cheart socruithe a dhéanamh lena chinntiú gur féidir leis an múinteoir is déanaí a bhí ag an scoláire (a bheidh ag déanamh an mheastacháin) dul i gcomhairle leis an múinteoir a bhí ag an scoláire roimhe sin agus go bhfuil fáil aige/aici ar aon doiciméid a theastaíonn.

Má bhí an scoláire ar an rolla i scoil eile roimhe seo, beidh na nósanna imeachta céanna a bhfuil cur síos orthu thuas i dtaca le scoláirí nua sa scoil i bhfeidhm.

7.6 Scoláirí a bhfuil staidéar á dhéanamh acu ar ábhair aonair lasmuigh den scoil agus scoláirí a bhfuil staidéar á dhéanamh acu ar na hábhair go léir lasmuigh den scoil.

Beifear ag iarraidh, le próiseas na nGrád atá Creidiúnaithe ag CSS, gráid chreidiúnaithe a chur ar fáil don oiread scoláirí agus is féidir, lena n-áirítear scoláirí atá ag déanamh staidéir ar ábhar amháin nó níos mó lasmuigh den scoil chomh maith leo siúd a bhfuil an staidéar go léir á dhéanamh acu lasmuigh den scoil. I gcás na n-iarrthóirí sin, ní mór go mbeadh fianaise láidir ar fáil a bhféadfar marc measta a bhunú uirthi. I roinnt cásanna, d'fhéadfadh sé nach mbeifí ábalta marcanna measta agus/nó Gráid atá Creidiúnaithe ag CSS a sholáthar d'iarrthóirí, ach déanfar gach iarracht réasúnach freastal ar an oiread scoláirí agus is féidir.

Déanfar tuilleadh sonraí maidir leis na próisis a chuirfidh ar chumas iarrthóra Grád Creidiúnaithe a lorg a sholáthar a luaithe agus is féidir.

8. Ailíniú na scoile ar na marcanna (Céim 2)

Sa chéim sin den phróiseas, déanfaidh na múinteoirí ábhair le chéile athbhreithniú ar na marcanna céatadán measta do scoláirí a bhfuil an t-ábhar sin á dhéanamh acu. I ndiaidh na gnéithe sin den phróiseas ailínithe, tabharfaidh gach múinteoir na marcanna céatadán measta chun críche. Mura bhfuil ach múinteoir amháin sa scoil a bhfuil rang Ardteistiméireachta aige nó aici san ábhar sin, reáchtálfaidh an múinteoir ábhair an próiseas ailínithe ionscoile in éineacht le Príomhoide Tánaisteach na scoile nó le múinteoir eile don ábhar céanna sa scoil, nach bhfuil rang Ardteistiméireachta aige nó aici in 2021, faoi réir chomhaontú Phríomhoide na Scoile.

8.1 Cén cuspóir atá le hailíniú marcanna na scoile?

Tá sé mar chuspóir le hailíniú marcanna na scoile a chinntiú:

- go bhfuil an próiseas a bhaineann le marcanna céatadán a mheas laistigh de rang á fheidhmiú i gceart agus go comhsheasmhach ag gach múinteoir.
- Gur chuir na múinteoirí caighdeáin chomhsheasmhacha i bhfeidhm nuair a bhí meastachán á dhéanamh ar mharcanna acu; mar thoradh air sin d'fhéadfadh éagsúlacht a bheith ag baint le patrúin ghnóthachtála ar fud ranganna éagsúla a bhfuil an t-ábhar céanna á dhéanamh acu sa scoil.

8.2 Conas a eagraítear próiseas ailínithe na scoile?

Roimh an bpróiseas ailínithe, dréachtaíonn gach múinteoir ábhair i rang-ghrúpa Ardteistiméireachta na marcanna céatadán measta do gach duine dá c(h)uid scoláirí agus rang-ghrúpaí.

Ní mór go léireodh múinteoirí nach bhfuil aon bheirt scoláirí á gcur ar an marc céatadán measta céanna. I gcás go bhfuil breis agus comhpháirt scrúdaithe amháin san ábhar, cuirfidh múinteoirí an ghné scríofa agus an chomhpháirt /na comhpháirteanna measúnaithe breise san áireamh. D'fhéadfadh suas le dhá ionad de dheachúlacha a bheith sna marcanna céatadán, i.e. 83.22%, 83.33%, etc. Léireoidh múinteoirí nach bhfuil aon bheirt scoláirí, ag gach leibhéal (Ardleibhéal, Gnáthleibhéal agus Bonnleibhéal) á gcur ar an marc céatadán measta céanna.

Déanfar an próiseas ailínithe in 2021 a reáchtáil in dhá chéim.

- **Céim a haon:** Déanfar céim a haon den phróiseas ailínithe ábhair a reáchtáil le linn na tréimhse ón 14 Bealtaine go dtí an 28 Bealtaine. Le linn na céime sin, féadfaidh na múinteoirí ullmhú do na cruinnithe ailínithe ábhair astu féin, lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar thaifid oibre agus ar an eolas atá ar fáil, agus féadfaidh siad tús a chur leis an bpróiseas ailínithe ábhair gan cur isteach ar am teagasc.
- **Céim a dó:** Déanfar céim a dó den phróiseas ailínithe ábhair a reáchtáil le linn na tréimhse dar tús an 31 Bealtaine 2021. Ón 31 Bealtaine go dtí an 3 Meitheamh, tabharfaidh scoileanna an próiseas ailínithe chun críche agus ullmhóidh siad na marcanna céatadáin measta lena seachadadh chuig CSS faoin 3 Meitheamh.

8.2.1 Cad a tharlaíonn le linn an phróisis ailínithe?

Cuirtear rannpháirtíocht chomhairleach i bhfeidhm ina bhfuil na múinteoirí ábhartha go léir a bhfuil an t-ábhar á theagasc acu do scoláirí Ardteistiméireachta in 2021 páirteach. Ba cheart an próiseas ailínithe a cheapadh ar bhealach a chumasaíonn na múinteoirí in ábhar ar leith (an grúpa ailínithe ábhair) chun machnamh grúpa agus plé a dhéanamh agus iad dírithe ar a chinntiú gur cuireadh an próiseas chun teacht ar mharcanna measta i bhfeidhm go comhsheasmhach agus i gceart i gcás na scoláirí go léir san ábhar.

Cad é an chéad chéim eile sa phróiseas ailínithe?

I ndiaidh na rannpháirtíochta comhairlí, déanann gach múinteoir athbhreithniú ar thacar sonraí a rang-ghrúpa féin (i.e. na marcanna céatadáin measta), déanann sé/sí iad a choigeartú más gá, agus tugann sé/sí foirm um marc measta agus í comhlánaithe chun críche do gach scoláire sa rang-ghrúpa. Ansin, cuirtear na foirmeacha scoláire aonair sin faoi bhráid príomhoide na scoile tríd an ngrúpa ailínithe ábhair mar thoradh ar an bpróiseas ailínithe ábhair.

Ba cheart a lua nach ceadmhach ach don mhúinteoir ranga an marc measta do scoláire/scoláirí ina rang-ghrúpa(i) a athrú le linn an phróisis.

9. Maoirseacht á déanamh ag príomhoide na scoile ar an bpróiseas ailínithe (Céim 3)

Is é an tríú céim scoilbhunaithe maidir le soláthar marcanna ná **maoirseacht á déanamh ag príomhoide na scoile ar an bpróiseas ailínithe**. Ag teacht le prionsabail na cothroime, an chothromais agus na hoibiachtúlachta, tacaíonn an príomhoide leis na múinteoirí i gcéim an ullmhúcháin den phróiseas ailínithe ábhair agus déanann sé/sí

athbhreithniú ar an bpróiseas a cuireadh i bhfeidhm maidir le bailiú fianaise lena dhearbhuú go gcaitear go cothrom le scoláirí aonair agus go gcuirtear caighdeán aonfhoirmeach i bhfeidhm laistigh den scoil agus i suíomhanna ina bhfuil breis agus rang-ghrúpa amháin istigh ar ábhar. I dtaca leis sin, cinnteoidh an príomhoide go bhfuil caighdeán chomhchosúla á gcur i bhfeidhm ag múinteoirí éagsúla an ábhair chéanna laistigh den scoil.

Sa chéim sin den phróiseas, déanann an príomhoide na nithe seo a leanas:

- Tugann sé/sí tacaíocht do mhúinteoirí sa chéim ullmhúcháin tosaigh ag leibhéal scoile uile, lena n-áirítear aird na múinteoirí a dhíriú ar na doiciméid treorach agus ar an bhfíseán/ar na físeáin teagasc a sholáthraítear chun cuidiú leis an bpróiseas
- Soláthraíonn sé/sí na sonraí iomchuí go léir do gach roinn ábhair chun tacú leis an bpróiseas ailínithe
- Déanann sé/sí athbhreithniú ar na tacair sonraí a chuireann na grúpaí ailínithe ábhair faoina b(h)ráid
- Deimhníonn sé/sí cothroime na bpróiseas dó/di féin suas go dtí an pointe sin
- Nuair is cosúil gur tharla aimhrialtacht nó earráid, cuireann sé/sí tacar sonraí ar ais chuig an ngrúpa ailínithe ábhair i gcomhair tuilleadh athbhreithnithe. I gcásanna den chineál sin, níl aon ról ag an bpríomhoide maidir le hathrú a dhéanamh ar mharc measta an scoláire; is é an ról atá aige/aici na marcanna a ceistíodh a chur ar ais chuig an ngrúpa ailínithe ábhair i gcomhair tuilleadh athbhreithnithe.

Cad iad na forais ar a bhféadfaidh príomhoide tacair sonraí a chur ar ais i gcomhair tuilleadh athbhreithnithe?

Féadfaidh príomhoide na tacair sonraí a chur ar ais chuig an ngrúpa ailínithe ábhair i gcomhair tuilleadh athbhreithnithe má mheasann sé/sí le réasún go bhféadfadh feidhm a bheith ag ceann amháin nó níos mó de na forais seo a leanas:

- Bhí fabht nóis imeachta sa phróiseas suas go dtí an pointe sin
- Bhí neamhréireachtaí gan mhíniú sna tacair sonraí a cuireadh isteach tar éis na céime ailínithe ábhair
- Tá fianaise láidir ann nach bhfuil marc measta an scoláire ag teacht le heolas na scoile ar ghnóthachtáil an scoláire ó réimse foinsí (Féach Cuid 6.1. thuas).
- Tá fianaise ann go bhfuil easpa oibiachtúlachta (i.e. claontacht, idirdhealú) sna nósanna imeachta mar a cuireadh i bhfeidhm iad.

I gcásanna ina gcuireann an príomhoide na tacair sonraí ar ais chuig an ngrúpa ailínithe ábhair chun iad a bhreithniú tuilleadh, léiríonn an príomhoide an chúis/na cúiseanna/na forais shonraithe chun na sonraí a chur ar ais. Tá na forais shonraithe teoranta do cheann amháin nó níos mó de na forais thuas. Déanfaidh an grúpa an foras sonraithe/na forais shonraithe a bhreithniú, déanfaidh sé aon choigeartuithe atá riachtanach, más ann dóibh, agus cuirfidh sé a bhreithniú deiridh ar ais chuig an bpríomhoide.

Nuair atá an próiseas um athbhreithniú a dhéanamh ar na sonraí críocheithe agus nuair atá an príomhoide sásta go bhfuil an próiseas ailínithe agus, más infheidhme, an t-athbhreithniú curtha i gcrích de mheon macánta, cuirfidh sé/sí a (h)ainm leis ag dearbhú gur cuireadh an próiseas i gcrích i gcomhréir leis an treoir atá foilsithe.

10. Seachadadh na marcanna measta i gcomhair caighdeánú náisiúnta(Céim 4)

Cuirfear na tacair sonraí atá curtha i gcrích faoi bhráid an phríomhoide le cúnamh ón gcúntóir scrúduithe tráth nach déanaí ná an 3 Meitheamh 2021. Déanfar treoir mhionsonraithe a sholáthar do scoileanna maidir leis an bpróiseas a bhaineann le seachadadh na sonraí.

11. Caighdeánú agus Próiseáil Sonraí ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Tá sé soiléir ón taighde nach mór breithiúnais múinteoirí, ar breithiúnais iad a rinneadh i gcomhthéacs gach scoile, a scrúdú agus a choigeartú ar leibhéal náisiúnta ionas go mbeidh siad inchomparáide trasna scoileanna éagsúla agus go gcuirfear comhchaighdeán náisiúnta i bhfeidhm. Ar an gcúis sin, déanfar na marcanna céatadán scoilmheasta a chomhcheangal le sonraí náisiúnta a fuarthas le gairid trí phróiseas ar a dtugtar caighdeánú chun an Grád atá Creidiúnaithe ag CSS a ghiniúint do na scoláirí san ábhar. Déanfaidh an próiseas caighdeánaithe sin an dá thacar sonraí a ailíniú le chéile agus bainfear feidhm as lena chinntiú go léireoidh na Gráid atá Creidiúnaithe ag CSS caighdeán atá ailínithe ar fud scoileanna agus le caighdeán coiteann náisiúnta.

Ní dhéanfaidh an próiseas caighdeánaithe atá in úsáid aon mharc réamhchinnte a fhorchur ar aon duine ar leith i rang ná i scoil, agus ní bhainfidh sé úsáid as sonraí stairiúla ar leibhéal na scoile maidir le feidhmíocht roimhe seo i Scrúduithe na hArdteistiméireachta.

Déanfar na marcanna céatadán measta a bhailiú ó gach scoil. Cé go bhféadfadh sé go mbainfí úsáid as feidhmíocht an rang-ghrúpa sa tSraith Shóisearach roimhe seo, ní bheadh feidhmíocht aonair an scoláire sa tSraith Shóisearach mar chinntitheach maidir le feidhmíocht an scoláire sin san Ardteistiméireacht, ach amháin nuair atá an t-ábhar á dhéanamh lasmuigh den scoil.

Má tá an grúpa scoláirí i scoil sa bhliain reatha an-"láidir", léireoidh gnóthachtáil ionchasach an ghrúpa é sin. Mar an gcéanna, má tá duine amháin nó níos mó a sheasann amach mar dhaoine atá an-láidir, léireofar é sin i marcanna measta na scoile agus cuirfear san áireamh ar an mbealach sin é.

In ndiaidh an phróisis chaighdeánaithe, déanfar na marcanna a thiontú ina nGráid atá Creidiúnaithe ag CSS, agus cuirfear in iúl iad ar aon dul leis an mbealach reatha atá i bhfeidhm do ghráid na hArdteistiméireachta – H1 etc.

11.1 Eisiúint na dtorthaí

Gheobhaidh iarrthóirí torthaí comhcheangailte a nGrád atá Creidiúnaithe ag CSS agus na scrúduithe (má roghnaigh siad scrúduithe a dhéanamh) ag an am céanna. I gcás, in ábhar ar bith, go ndearna scoláire an scrúdú freisin, gheobhaidh sé/sí creidiúint don toradh is fearr den dá thoradh. Aistrefar torthaí an iarrthóra chuig an CAO chun dul ar aghaidh chuig an ardoideachas a éascú.

Go gairid i ndiaidh eisiúint na dtorthaí, beidh rochtain ag iarrthóirí ar eolas níos mionsonraithe faoin dá thacar torthaí. Beidh ar a gcumas na marcanna measta a chuir a gcuid scoileanna isteach a fheiceáil agus na Gráid atá Creidiúnaithe ag CSS i ndiaidh an phróisis chaighdeánaithe. I gcás iarrthóirí a rinne na scrúduithe teastais, beidh ar a gcumas na marcanna a bronnadh sa scrúdú scríofa a fheiceáil, agus na marcanna a bronnadh in aon chomhpháirteanna.

I gcás iarrthóirí nach ndearna Scrúduithe na hArdteistiméireachta, ní bheidh ar fáil dóibh ach na marcanna céatadán measta a chuir an scoil isteach agus na Gráid atá Creidiúnaithe ag CSS.

Tabharfaidh an t-eolas sin cúnamh d'iarrthóirí a d'fhéadfadh glacadh leis an rogha achomharc a dhéanamh in ábhar.

12. Oibiachtúlacht agus cothroime a chinntiú

12.1 Marcanna measta na scoile a phróiseáil

Tá gealltanais i dtaca le hoibiachtúlacht agus cothroime ag croílár na gcéimeanna scoilbhunaithe agus na gcéimeanna caighdeánaithe náisiúnta de chóras na nGráid atá

Creidiúnaithe ag CSS. Chun é sin a chinntiú, ní fhéadfar cur as don phróiseas scoilbhunaithe.

Dá bhrí sin, ní ceadmhach don phríomhoide, don phríomhoide tánaisteach/do na príomhoidí tánaisteacha nó d'aon bhaill d'fhoireann na scoile na marcanna measta atá á gcur isteach ag an scoil a phlé le scoláire ar bith ná le tuismitheoir/caomhnóir scoláire ar bith. Tá dhá chúis leis sin:

- Ní gá gurb é an marc céatadáin measta a shannann an scoil an marc deiridh a gheobhaidh an scoláire agus dá bhrí sin bheadh sé míthreorach dá bhfaigheadh an scoláire an marc sin sula mbeadh próisis na nGrád atá Creidiúnaithe ag CSS críochnaithe.
- Dá gceadófaí rochtain a fháil ar na gráid mheasta agus iad a phlé sula mbeadh próiseas na nGrád Creidiúnaithe críochnaithe, bheifí ag cur isteach ar réachtáil oibiachtúil agus cothrom an phróisis. Dá ndéanfadh múinteoirí na marcanna a phlé le roinnt scoláirí agus gan iad a phlé le scoláirí eile, nó dá ndéanfadh roinnt múinteoirí é sin agus mura ndéanfadh múinteoirí eile é, d'fhéadfadh na comhráite sin tionchar iarbhír a imirt (go comhfhiosach nó go neamh-chomhfhiosach) nó d'fhéadfaí a mheas go n-imreoidís tionchar ar an marc a chuireann an múinteoir faoi bhráid an ghrúpa ailínithe ábhair.

I gcás go ndéanann duine iarracht tionchar míchuí a imirt ar an bpróiseas meastacháin, d'fhéadfadh coinneáil siar torthaí nó iarmhairtí níos tromchúisí a bheith mar thoradh air. Tá tuilleadh breithnithe á dhéanamh ar an ngné sin agus foilseofar eolas mionsonraithe faoi na hiarmhairtí a bhaineann le hiompar den chineál sin a luaite agus is féidir.

12.2 Achomhairc

Beidh sé de rogha ag iarrthóir achomharc a dhéanamh i gcoinne a t(h)oraidh i Scrúdú na hArdeistiméireachta agus nó i gcoinne a G(hráid atá Creidiúnaithe ag CSS).

12.2.1 Na Scrúduithe Teastais

Leanfaidh iarrthóirí atá ag déanamh achomhairc i gcoinne toradh scrúdaithe próiseas achomharc CSS. San áireamh ansin, tá deis iniúchadh a dhéanamh ar na scrípteanna a mharcáil scrúdaitheoirí CSS.

12.2.2 Gráid atá Creidiúnaithe ag CSS

I gcás iarrthóirí atá ag déanamh achomhairc i gcoinne Gráid atá Creidiúnaithe ag CSS, is athbhreithniú ar phróiseas é an próiseas um achomharc a dhéanamh i gcoinne Gráid atá Creidiúnaithe ag CSS. Tá an t-athbhreithniú dírithe ar earráidí a lorg i seachadadh agus i bhfáil shonraí na scoláirí.

Tá trí chéim san áireamh sa phróiseas um achomharc a dhéanamh i gcoinne Gráid atá Creidiúnaithe ag CSS, mar seo a leanas:

Céim 1: Déanfar seiceálacha ar an foirmeacha a chomhlánaigh an scoil lena sheiceáil an ndearnadh an t-eolas a aistriú i gceart ó na foirmeacha chuig an gcóras bailithe sonraí

Céim 2: Déanfar athbhreithniú lena chinntiú go bhfuarthas na sonraí i gceart agus gur seachadadh mar ba cheart iad trí na córais a úsáidtear sa phróiseas caighdeánaithe náisiúnta atá á reáchtáil ag CSS.

Glacfar Céim 1 agus Céim 2 le chéile.

Céim 3: Féadfaidh scoláirí atá míshásta le toradh an phróisis thuas próiseas ar leithligh a agairt le go ndéanfaidh Scrúdanóirí Neamhspleácha Achomhairc athbhreithniú ar a n-achomharc. Tá na scrúdanóirí sin neamhspleách ar CSS.

Déanfaidh na Scrúdanóirí Neamhspleácha Achomhairc seiceáil lena chinntiú gur leanadh na nósanna imeachta cearta le linn an phróisis achomharc. Beidh teacht ag na Scrúdanóirí ar na taifid agus ar na doiciméid a cuireadh san áireamh ag Céim 1 agus ag Céim 2.

Féadfaidh scoláirí a bhfuil an próiseas achomharc a bhfuil breac-chuntas tugtha air ídithe acu agus a cheapann nach ndearnadh a gcás a phróiseáil i gceart, gearán a dhéanamh leis an Ombudsman nó, i gcás scoláirí atá faoi bhun 18 mbliana d'aois, leis an Ombudsman do Leanaí.

13. Slánaíocht Dlí

De bhrí go mbeidh múinteoirí, ceannairí scoile agus gairmithe oideachais a oibríonn in ionaid oideachais agus i suíomhanna eile ag feidhmiú phróiseas na nGrád atá creidiúnaithe ag CSS sna suíomhanna sin thar ceann Choimisiún na Scrúduithe Stáit, tá socruithe á gcur i bhfeidhm chun slánaíocht Stáit a leathnú chucu sin, chuig boird bhainistíochta, pátrúin/iontaobhaithe agus úinéirí/bainisteoirí sna suíomhanna sin. D'fhéadfaí an tslánaíocht a agairt dá dtabharfaí cás in aghaidh duine ina cháil féin (i.e. arna ainmniú in imeachtaí sibhialta mar mhúinteoir aonair, mar phríomhoide nó bord bainistíochta/BOO nó pátrún eile).

Beidh an tslánaíocht sin faoi réir coinníollacha maidir le fógra agus comhoibriú leis an Stát chun aon chásanna dlí a chosaint dá dtiocfaidís chun cinn agus ní fhéadfar í a agairt ach amháin má bhí duine ag gníomhú bona fide, i.e. go ndearna sé nó sí gach iarracht réasúnach a ról a chomhlíonadh de réir na treorach a sholáthraítear sa Treoir seo agus sa chiorclán/sna ciorcláin iomchuí ón Roinn agus ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit.

14. Teagmháil idir scoláirí agus múinteoirí agus na Gráid atá Creidiúnaithe ag CSS

Leanfaidh an príomhoide, an príomhoide tánaisteach/na príomhoidí tánaisteacha nó baill eile d'fhoireann na scoile na nósanna imeachta sonraithe do Ghráid atá Creidiúnaithe ag CSS agus ní ceadmhach dóibh i gcás ar bith na marcanna measta atá á gcur isteach ag an scoil a phlé le scoláire ar bith ná le tuismitheoir ná caomhnóir scoláire ar bith.

Os a choinne sin, ní ceadmhach do thuismitheoirí/chaomhnóirí agus scoláirí teagmháil a dhéanamh le múinteoir ná le ball foirne eile, i gcúinsí ar bith, go foirmiúil nó go neamhfhoirmiúil, go díreach nó go hindíreach, chun an próiseas cinnteoireachta a bhaineann leis na marcanna measta atá le bronnadh ar scoláire in aon ábhar a phlé nó chun tionchar a imirt air nó a d'fhéadfadh buntáiste míchuí a thabhairt do scoláire ar leith. Ní mholtar cruinnithe foirmiúla idir múinteoirí agus tuismitheoirí a reáchtáil sa tréimhse idir an 1 Márta agus an 28 Bealtaine 2021. Ní fhéadfar cruinniú idir tuismitheoir agus múinteoir a lorg ná a shocrú ach amháin i gcúinsí eisceachtúla.

Ní ceadmhach do thuismitheoir/chaomhnóir, do scoláire ná d'aon duine eile tionchar de chineál ar bith a imirt ar mhúinteoirí, ar phearsanra scoile, ar fhostaithe de chuid CSS agus na Roinne Oideachais, ná dreasacht a thairiscint dóibh (bronntanais san áireamh), ná brú a chur orthu, ná iad a chomhéigniú, i dtaca le marc scoláire sula sanntar é nó i ndiaidh é a shannadh. San áireamh ansin tá aon leas airgeadais, eacnamaíoch nó pearsanta eile a bhféadfaí a bhrath gur leas é a chuireann as do neamhchlaontacht agus do neamhspleáchas an mhúinteora nó an phríomhoide i gcomhthéacs phróiseas na cinnteoireachta.

Bheadh teagmháil den chineál sin míchuí, mar go bhféadfaí a mheas go hoibiachtúil gur iarracht a bheadh ann cur isteach ar an gcothroime, ar an gcóir chomhionann agus ar an oibiachtúlacht a theastaíonn ó mhúinteoirí agus ó scoileanna agus marcanna measta á sannadh acu don scoláire ar leith lena mbaineann, agus d'iomlán na scoláirí sa scoil. Bhainfeadh sé sin an bonn ó ionracas shamhail na nGrád atá Creidiúnaithe ag CSS ina dhiaidh sin.

I gcás go ndéanann duine iarracht tionchar míchuí a imirt ar an bpróiseas meastacháin, d'fhéadfadh coinneáil siar torthaí nó iarmhairtí níos tromchúisí a bheith mar thoradh air. Tá tuilleadh breithnithe á dhéanamh ar an ngné sin agus foilseofar eolas mionsonraithe faoi na hiarmhairtí a bhaineann le hiompar den chineál sin a luaithe agus is féidir.

15. Rúndacht agus Cosaint Sonraí

Le linn na hoibre, beidh rochtain á fáil ar dhoiciméid ina bhfuil sonraí pearsanta faoi dhaoine aonair agus beidh siad á nginiúint agus á bplé. Tá sé tábhachtach go gcomhlíonfadh siad siúd go léir atá rannpháirteach san obair polasaithe cosanta sonraí na scoile, más i dtaca le taifid a ghiniúint, rochtain a fháil orthu nó iad a sheachadadh é sin, nó i dtaca leis na bealaí trína ndéantar eolas rúnda a phlé.

Má fhaigheann scoil iarraidh ar rochtain ar shonraí ó scoláire maidir lena marcanna sula n-eisítear na torthaí, ba cheart don scoil freagra a thabhairt agus a rá:

- ag teacht le halt 56 den Acht um Chosaint Sonraí, nach féidir freagairt don iarradh faoi láthair, agus
- go nglacfar leis go ndearnadh an iarraidh ar an dáta a bhfoilsítear torthaí “an scrúdaithe” ar dtús (i.e. Próiseas na nGrád Creidiúnaithe), nó ar dháta an iarrata, pé acu is déanaí.

16. Treoir Mhionsonraithe

Soláthrófar treoir mhionsonraithe do scoileanna chun tacú leo maidir le Gráid atá Creidiúnaithe ag CSS a sholáthar do scoláirí Ardteistiméireachta. San áireamh sa treoir sin beidh eolas breise mionsonraithe maidir leis na réimsí a bhfuil breac-chuntas orthu in gcodanna 13, 14, agus 15 den treoir seo. Soláthrófar treoir ar leith do scoileanna freisin maidir le bailiú agus seachadadh sonraí.

17. Gráid atá Creidiúnaithe ag CSS 2021

Ar deireadh, ba cheart a lua go bhfuil Gráid atá creidiúnaithe ag CSS á soláthar do scoláirí in 2021 mar gheall ar an tionchar a bhí ag paindéim COVID-19 ar a gcuid oideachais, tionchar nach bhfacthas a leithéid roimhe seo. Aithnítear go bhfuil gá le bearta eisceachtúla in 2021 chun foghlaim scoláirí a mheas agus a theistiú ach nach measfar go mbeidh feidhmiú na mbearta sin mar fhasach chun bearta den chineál céanna a fheidhmiú sna blianta seo amach romhainn.

18. Tuilleadh Eolais

Beidh an t-eolas is déanaí faoi gach ábhar a bhaineann le scrúduithe na hArdteistiméireachta agus próiseas na nGrád Creidiúnaithe ar fáil ar bhonn leanúnach ar gov.ie/LeavingCertificate.

Má tá ceist agat, léigh an fhoinse eolais sin ar an gcéad dul síos, le do thoil. Mura féidir leat freagra a fháil ar do cheist, cuir isteach iarraidh ar uasdátú chuig gov.ie chuig an seoladh ríomhphoist seo, le do thoil. LCinfo@education.gov.ie

Déanfar monatóireacht ar an mbosca ríomhphoist sin ó am go ham agus úsáidfear iarrataí a ardaíonn ceisteanna nach bhfuil aghaidh tugtha cheana féin orthu san eolas atá foilsithe roimhe sin chun an t-eolas a uasdátú ar gov.ie ionas go mbeidh sé ar fáil do na hiarrthóirí go léir. Ní fhreagrófar ceisteanna chuig an seoladh ríomhphoist sin ceann ar cheann.